Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
**PREASEISIÚINT Uimh. 45/22**
Lucsamburg,15 Márta 2022

Breithiúnas i gCás C-302/20
Autorité des marchés financiers

# Saoirse an phreasa: tá nochtadh faisnéise ón taobh istigh ag iriseoir maidir le halt preasa i mbéal a fhoilsithe lena gcraobhscaoiltear ráflaí maidir le cuideachtaí liostaithe dleathach má tá sé riachtanach chun gníomhaíocht iriseoireachta a chleachtadh go héifeachtach agus má chomhlíonann sé prionsabal na comhréireachta

D'fhoilsigh iriseoir dhá alt ar shuíomh idirlín an Daily Mail lena gcraobhscaoileadh ráflaí maidir le cur isteach tairiscintí táthcheangail ar urrúis de Hermès (ag LVMH) agus de Maurel & Prom. Bhí na praghsanna a luadh i bhfad níos mó na praghsanna na n-urrús sin ar Euronext. Tháinig ardú suntasach ar phraghsanna na n-urrús sin de bharr an fhoilsithe sin. Go gairid sular foilsíodh na hailt, chuir roinnt cónaitheoirí Briotanacha orduithe ceannaigh isteach ar na hurrúis i dtrácht, ach dhíol siad iad tar éis an fhoilseacháin sin. D'fhorchuir an Autorité des marchés financiers (an tÚdarás um Margaí Airgeadais, an Fhrainc) (AMF) pionós airgeadais de EUR 40 000 ar an iriseoir toisc, a líomhnaíodh, gur chuir sé na cónaitheoirí Briotanacha sin ar an eolas faoi na hailt a bhí i mbéal a bhfoilsithe agus sa tslí sin gur chuir sé "faisnéis ón taobh istigh" in iúl dóibh.

Agus caingean ar mhaithe leis an gcinneadh sin a chur ar neamhní os a comhair, rinne an Cour d'appel de Paris (an Chúirt Achomhairc, Páras, an Fhrainc) tarchur chun réamhrialú chun na Cúirte Breithiúnais maidir le léirmhíniú ar na forálacha de dhlí an Aontais maidir le déileáil chos istigh. Ar an gcéad dul síos, féachann sí le fáil amach an ionann faisnéis a bhaineann le halt preasa i mbéal a fhoilsithe lena gcraobhscaoiltear ráfla margaidh agus faisnéis ón taobh istigh, atá faoi réir an toirmisc ar fhaisnéis den sórt sin a nochtadh. Ar an dara dul síos, fiafraíonn sí don Chúirt maidir leis na heisceachtaí ón toirmeasc sin i gcomhthéacs sonrach gníomhaíochtaí iriseoireachta.

Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, d'fhéadfadh faisnéis a bhaineann le halt preasa i mbéal a fhoilsithe lena gcraobhscaoiltear ráfla margaidh maidir le heisitheoir ionstraimí airgeadais a bheith ina fhaisnéis "de chineál beacht" agus, dá bharr sin, d'fhéadfadh sí teacht faoin gcoincheap "faisnéis ón taobh istigh", go háirithe má luaitear san fhaisnéis sin an praghas ar a gceannófaí na hurrúis, ainm an iriseora a scríobh an t-alt agus ainm na heagraíochta preasa a d'áirithigh a fhoilsiú.

D'fhéadfadh údar maith a bheith le nochtadh faisnéise ón taobh istigh chun críoch iriseoireachta, faoi dhlí an Aontais, de bhun shaoirse an phreasa agus na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Is féidir an réamhobair fiosrúcháin don fhoilseachán a dhéanann an t-iriseoir i ndáil le fírinneacht na ráflaí a fhíorú a áireamh i gcríocha iriseoireachta.

**Níl nochtadh faisnéise ón taobh istigh ag iriseoir dleathach, áfach, ach i gcás ina meastar go bhfuil sé riachtanach chun a ghairm a chleachtadh *agus* go gcomhlíonann sé prionsabal na comhréireachta**. Ní mór, mar sin, don chúirt a rinne an tarchur na ceisteanna seo a leanas a scrúdú: ar thaobh amháin, an raibh gá ag an iriseoir a bhí ag iarraidh fírinneacht ráfla a fhíorú a nochtadh do thríú páirtí, chomh maith le hábhar an ráfla sin, go bhfoilseofar alt lena gcraobhscaoiltear an ráfla sin go luath? Ar an taobh eile, an mbeadh an srian ar shaoirse an preasa a d'fhéadfadh eascairt as toirmeasc ar nochtadh den sórt sin iomarcach, agus an éifeacht athchomhairleach a d'fhéadfadh a bheith aige ar chleachtadh gníomhaíochtaí iriseoireachta chomh maith leis na rialacha agus cóid a bhfuil iriseoirí faoina réir á gcur san áireamh, i ndáil leis an

dochar a d’fhéadfadh nochtadh mar sin a dhéanamh ní hamháin do leasanna príobháideacha atá ag infheisteoirí áirithe ach do shláine na margaí airgeadais freisin?

---

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

---

*Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

*Foilsítear téacs iomlán agus achoimre an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.*

*Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.*

*Is féidir íomhánna d’fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó "Europe by Satellite" ☎ (+32) 2 2964106*